2026/1727

13.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1727 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2026

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraifchuótaí ar allmhairí agus ar onnmhairí i ndáil le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha chun iad a bhainistiú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraifchuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 ón gCoimisiún ([4]), tugadh isteach athruithe ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988, arb athruithe iad a eascraíonn as an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile ('ITA') ([5]) a mhéid a bhaineann le taraifchuótaí.

(4) Cuirfear an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil i bhfeidhm go sealadach ón 1 Bealtaine 2026 ar aghaidh. Dá bhrí sin, tá feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 ón 1 Bealtaine 2026 freisin.

(5) Sna táblaí le haghaidh na dtaraifchuótaí lena ngabhann na sraithuimhreacha 09.4920 agus 09.4925 in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, tá gá le cruthúnas ar thrádáil má chuirtear an ceanglas maidir le cainníocht tagartha ar fionraí. Dá bhrí sin, ba cheart an íoschainníocht le haghaidh cruthúnas ar thrádáil, i gcás ina mbeadh gá léi, a leagan amach.

(6) Foráiltear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil go n-osclaíonn an tAontas taraifchuóta le haghaidh muiceoil de thionscnamh Pharagua. Osclaíodh an taraifchuóta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996. Is le muiceoil de thionscnamh Pharagua amháin a bhaineann an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4945 in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761. Dá bhrí sin, i dtábla na dtaraifchuótaí le haghaidh an chuóta sin, leagtar síos an tionscnamh 'Paragua' i gceart sa ró tionscnaimh. Tá téacs bréagnaitheach áfach sa ró 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas': sa dara habairt agus sa cheathrú habairt, bhí na tagairtí do thionscnamh 'Mercosur' mícheart toisc gur cheart gur de thionscnamh Pharagua amháin a bheadh an mhuiceoil agus ní de thionscnamh na Stát Mercosur uile.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraifchuótaí ar allmhairí a riar i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le cruthú, leasú agus bainistiú taraifchuótaí tar éis an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile (IO L, 2026/996, 30.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/996/oj).

([5]) Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile (IO L, 2026/184, 27.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/184/oj).

(7) Chun an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur chun feidhme i gceart, ba cheart na hiontrálacha sonracha atá le déanamh ar an gceadúnas a shoiléiriú dá bhrí sin.

(8) Is iomchuí na botúin a dtugtar tuairisc orthu in aithris 6 a cheartú go cúlghabhálach, toisc go bhféadfadh mearbhall a bheith mar thoradh orthu a mhéid a bhaineann le raon feidhme an cheadúnais arna eisiúint le haghaidh an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4945. Go deimhin, i gcás an taraifchuóta sin, ní bhfuarthas aon iarratas ar cheadúnas sa tréimhse iarratais ar cheadúnas i mí na Bealtaine 2026, agus mar thoradh air sin níor eisíodh aon cheadúnas allmhairiúcháin le haghaidh an taraifchuóta sin le haghaidh na chéad fhothréimhse de 2026. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an leasú sin ar Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón dáta céanna le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996, is é sin an 1 Bealtaine 2026.

(9) In Airteagal 4(4a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, is gá a shonrú go ndéantar tagairt d'Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(10) I gcás roinnt taraifchuótaí le haghaidh táirgí de thionscnamh Stáit Mercosur, sloinntear an chainníocht i gcoibhéis mheáchain sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil. Mar sin féin, ní chuimsítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/996 roinnt comhéifeachtaí tiontúcháin is gá chun na taraifchuótaí sin a bhainistiú, toisc nach gcuimsítear sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil iad. Na comhéifeachtaí tiontúcháin atá in easnamh le haghaidh táirgí feola chun meáchan an táirge a thiontú ina choibhéis de mheáchan an chonablaigh, ba cheart iad a thabhairt isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(11) Is le mil a bhaineann taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0881 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 agus roinntear tréimhse an taraifchuóta i bhfothréimhsí. Sháraigh an chainníocht a allmhairíodh faoin taraifchuóta sin sa chéad fhothréimhse de 2026 an chainníocht a bhí ar fáil le haghaidh na chéad fhothréimhse sin faoi 152 040 kg. Chun a áirithiú nach sárófar an chainníocht *pro rata* le haghaidh 2026 a deonaíodh faoin taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0881, ba cheart an chainníocht a allmhairíodh de bhreis le linn na chéad fhothréimhse a asbhaint ón gcainníocht le haghaidh na fothréimhse deiridh de 2026.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VIII, X agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(4a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Féadfar an doiciméad sin a eisiúint go leictreonach i gcomhréir leis an tsamhail sonraí ELAN1L-TCDOC. Sa chás sin, le linn na hidirthréimhse, beidh feidhm ag Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.';

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn 1, pointe 2, ón 1 Bealtaine 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní VIII, X agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4920, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cruthúnas ar thrádáil':

'**Cruthúnas ar thrádáil**	Tá sé ag teastáil. Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach amháin nuair atá feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760. 25 thona'

(b) sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4925, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cruthúnas ar thrádáil':

'**Cruthúnas ar thrádáil**	Tá sé ag teastáil. Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach amháin nuair atá feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760. 25 thona'

(2) in Iarscríbhinn X, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.4945, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas':

'**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil. Maidir le ceadúnais atá bunaithe ar shamhail sonraí ELAN1L-AGRIM, sonrófar sa Roinn dar teideal 'Tír thionscnaimh' cód alfa-2 ISO 31166-1 Pharagua." I Roinn 24 nó sa Roinn dar teideal 'Coinníollacha speisialta/sonraí speisialta (saorthéacs)' sonrófar 'doiciméad cruthúnais tionscnaimh: Mercosur; doiciméad Airteagal 3.30: Paragua';

(3) leasaítear Cuid D d'Iarscríbhinn XVI mar a leanas:

(a) i bpointe 1(a), sa tábla a bhaineann le taraifchuótaí 09.4920 agus 09.4925, cuirtear na línte seo a leanas leis:

'0201 10 00	Conablaigh agus cliatháin ó bhó-ainmhithe, iad úr	100 %
0202 10 00	Conablaigh agus cliatháin ó bhó-ainmhithe, iad reoite	100 %
0210 99 90	Plúr inite agus min inite ó fheoil nó ó scairteach feola bó-ainmhithe	100 %
1602 50 10	Neamhchócaráilte; meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus d'fheoil nó de scairteach neamhchócaráilte bó-ainmhithe	135 %
1602 90 61	Neamhchócaráilte; meascáin d'fheoil nó de scairteach chócaráilte agus d'fheoil nó de scairteach neamhchócaráilte bó-ainmhithe	100 %'

(b) i bpointe 1(b), sa tábla a bhaineann le taraifchuótaí 09.4940 agus 09.4945, cuirtear na línte seo a leanas leis:

'0203 11 10	Conablaigh agus cliatháin úra nó fhuaraithe ó mhucra clóis	100 %
0203 12 19	guaillí ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad úr nó fuaraithe	100 %
0203 19 11	Ceathrúna tosaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad úr nó fuaraithe	100 %

0203 19 13	Luanta ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad úr nó fuaraithe	100 %
0203 19 15	Boilg (stríocacha) agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad úr nó fuaraithe	100 %
0203 19 59	Feoil eile ó mhucra clóis, í úr nó fuaraithe	100 %
0203 21 10	Conablaigh agus cliatháin reoite ó mhucra clóis	100 %
0203 22 19	Guaillí ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad reoite	100 %
0203 29 11	Ceathrúna tosaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad reoite	100 %
0203 29 13	Luanta ar an gcnámh agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad reoite	100 %
0203 29 15	Boilg (stríocacha) agus gearrthacha díobh ó mhucra clóis, iad reoite	100 %
0203 29 59	Feoil reoite eile ó mhucra clóis	100 %
0210 11 11	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 11 19	Guaillí agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 11 31	Liamhása agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 11 39	Guaillí agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 12 11	Boilg ‘stríocacha’ ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 12 19	Boilg ‘stríocacha’ ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 19 10	Cliatháin bhagúin nó cliatháin ghearra ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 19 20	Cliatháin trí ceathrú nó bagún láir ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 19 30	Ceathrúna tosaigh agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 19 40	Luanta agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	100 %
0210 19 50	Feoil eile ó mhucra, iad saillte nó faoi sháile	120 %
0210 19 60	Ceathrúna tosaigh agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 19 70	Luanta agus gearrthacha díobh ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 19 81	Feolta gan cnámha ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	130 %
0210 19 89	Feolta eile ó mhucra, iad triomaithe nó deataithe	120 %
0210 99 41	Aenna ó mhucra clóis	100 %
0210 99 49	Scairteach eile ó mhucra clóis	100 %
1602 41 10	Liamhása agus gearrthacha díobh, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %
1602 42 10	Guallí agus gearrthacha díobh, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %
1602 49 11	Luanta (gan coiléir a áireamh) agus gearrthacha díobh, lena n-áirítear meascáin de luanta nó de liamhása, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %
1602 49 13	Coiléir agus gearrthacha díobh, lena n-áirítear meascáin de choiléir agus de ghuaillí, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %

1602 49 15	Meascáin eile ina bhfuil liamhása (cosa), guaillí, luanta nó coiléir, agus gearrthacha díobh, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %
1602 49 19	Meascáin eile, iad ullmhaithe nó leasaithe	120 %
1602 49 30	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain, 40 % nó níos mó ach níos lú ná 80 % d'fheoil nó de scairteach feola, d'aon chineál, lena n-áirítear saillte d'aon chineál nó tionscnamh, iad ullmhaithe nó leasaithe	60 %
1602 49 50	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 40 % d'fheoil nó de scairteach feola, d'aon chineál, lena n-áirítear saillte d'aon chineál nó tionscnamh, iad ullmhaithe nó leasaithe	30 %
1602 90 51	Feoil eile, í ullmhaithe nó leasaithe	100 %'

(c) i bpointe 1(c), sa tábla a bhaineann le taraifchuótaí 09.4960 agus 09.4965, cuirtear na línte seo a leanas leis:

'0207 11 10	Iad cluimhrithe agus glanta, agus an ceann agus na croibh orthu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'sicíní 83 %'	100 %
0207 11 30	Iad cluimhrithe agus dí-innithe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'sicíní 70 %'	100 %
0207 11 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'sicíní 65 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 12 10	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad reoite, ar a dtugtar 'sicíní 70 %'	100 %
0207 12 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh uirthi agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad reoite, ar a dtugtar 'sicíní 65 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 13 30	Sciatháin ar an gcnámh ina n-iomláine, bíodh na reanna orthu nó ná bíodh, ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 13 40	Dromanna, muiníl, dromanna agus an muineál greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 13 99	Scairteach eile ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 14 30	Sciatháin ar an gcnámh ina n-iomláine, bíodh na reanna orthu nó ná bíodh, ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite	100 %
0207 14 40	Dromanna, muiníl, dromanna agus an muineál greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite	100 %
0207 14 99	Scairteach eile ó éanlaith chlóis den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite	100 %
0207 24 10	Iad cluimhrithe agus dí-innithe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'turcaithe 80 %'	100 %
0207 24 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'turcaithe 73 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %

0207 25 10	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad reoite, ar a dtugtar 'turcaithe 80 %'	100 %
0207 25 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh uirthi agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad reoite, ar a dtugtar 'turcaithe 73 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 26 10	Gearrthacha ó thurcaithe, gan chnámha, iad úr nó fuaraithe	140 %
0207 26 20	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 30	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 40	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 50	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	125 %
0207 26 60	Lorgaí ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 70	Cosa eile ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 80	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 26 99	Scairteach eile, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 27 20	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 27 30	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad reoite	100 %
0207 27 40	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad reoite	100 %
0207 27 50	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	125 %
0207 27 60	Lorgaí ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	100 %
0207 27 70	Cosa eile ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	100 %
0207 27 80	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 27 99	Scairteach reoite eile	100 %
0207 41 20	Iad cluimhrithe agus fuiliú déanta orthu agus iad glanta ach gan bheith dí-innithe, agus an ceann agus na croibh orthu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'lachain 85 %'	100 %
0207 41 30	Iad cluimhrithe agus dí-innithe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'lachain 70 %'	100 %
0207 41 80	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar 'lachain 63 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 42 30	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu ach an muineál, an croí, an t-ae agus an eagaois iontu, iad reoite, ar a dtugtar 'lachain 70 %'	100 %
0207 42 80	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh orthu agus gan an muineál, an croí, an t-ae ná an eagaois, iad reoite, ar a dtugtar 'lachain 63 %', nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %

0207 44 10	Gearrthacha ó lachain, gan chnámha, iad úr nó fuaraithe	140 %
0207 44 21	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 31	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 41	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 51	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	120 %
0207 44 61	Cosa ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 71	*Paletots* ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 81	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 44 99	Scairteach eile, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 45 10	Gearrthacha gan chnámha, iad reoite	140 %
0207 45 21	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 45 31	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad reoite	100 %
0207 45 41	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad reoite	100 %
0207 45 51	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	120 %
0207 45 61	Cosa ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	100 %
0207 45 71	*Paletots* ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 45 81	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 45 99	Scairteach reoite eile	100 %
0207 51 10	Iad cluimhrithe agus fuiliú déanta orthu agus gan bheith dí-innithe, agus an ceann agus na croibh orthu, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar ‘géanna 82 %’	100 %
0207 51 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh uirthi, agus an croí agus an eagaois uirthi, nó gan bheith uirthi, iad úr nó fuaraithe, ar a dtugtar ‘géanna 75 %’, nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 52 10	Iad cluimhrithe agus fuiliú déanta orthu agus gan bheith dí-innithe, agus an ceann agus na croibh orthu, iad reoite, ar a dtugtar ‘géanna 82 %’	100 %
0207 52 90	Iad cluimhrithe agus tarraingthe, gan an ceann ná na croibh uirthi, agus an croí agus an eagaois uirthi, nó gan bheith uirthi, iad reoite, ar a dtugtar ‘géanna 75 %’, nó arna cur i láthair ar bhealach eile	100 %
0207 54 10	Gearrthacha gan chnámha, iad úr nó fuaraithe	140 %
0207 54 21	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 31	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 41	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 51	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	120 %
0207 54 61	Cosa ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 71	*Paletots* ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 81	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad úr nó fuaraithe	100 %
0207 54 99	Scairteach eile, iad úr nó fuaraithe	100 %

0207 55 10	Gearrthacha reoite gan chnámha	140 %
0207 55 21	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 55 31	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad reoite	100 %
0207 55 41	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad reoite	100 %
0207 55 51	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	120 %
0207 55 61	Cosa ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad reoite	100 %
0207 55 71	*Paletots* ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 55 81	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad reoite	100 %
0207 55 99	Scairteach reoite eile	100 %
0207 60 05	Éanlaithe guine nach bhfuil gearrtha ina bpíosaí, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 10	Éanlaithe guine gan chnámha, iad úr, fuaraithe nó reoite	140 %
0207 60 21	Leatha nó ceathrúna ar an gcnámh, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 31	Sciatháin ina n-iomláine ar an gcnámh, bíodh reanna orthu nó ná bíodh, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 41	Dromanna, muiníl, dromanna agus muiníl greamaithe díobh, tóineanna agus cinn sciatháin, iad ar an gcnámh, agus iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 51	Brollaigh ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr, fuaraithe nó reoite	120 %
0207 60 61	Cosa ar an gcnámh agus gearrthacha díobh, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 81	Gearrthacha eile ar an gcnámh, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0207 60 99	Scairteach eile, iad úr, fuaraithe nó reoite	100 %
0209 90 00	Saill éanlaithe clóis	100 %
0210 99 39	Feoil, í saillte, faoi sháile nó triomaithe	145 %
1602 31 11	Feoil ullmhaithe nó leasaithe, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'fheoil turcaí neamhchócaráilte amháin de réir meáchain	80 %
1602 31 19	Feoil eile, í ullmhaithe nó leasaithe, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach turcaí de réir meáchain	80 %
1602 31 80	Feoil eile ó thurcaithe, í ullmhaithe nó leasaithe	40 %
1602 39 21	Feoil neamhchócaráilte, í ullmhaithe nó leasaithe, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	80 %
1602 39 29	Feoil eile, í ullmhaithe nó leasaithe, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	80 %
1602 39 85	Feoil eile, í ullmhaithe nó leasaithe	40 %'.

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, sa tábla a bhaineann leis an taraifchuóta lena ngabhann an tsraithuimhir 09.0881, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Cainníocht':

'**Cainníocht**	2026: 7 500 000 kg *pro rata* 2027: 15 000 000 kg 2028: 22 500 000 kg 2029: 30 000 000 kg 2030: 37 500 000 kg 2031 agus na blianta ina dhiaidh sin: 45 000 000 kg Déanfar an chainníocht *pro rata* le haghaidh na bliana 2026 a roinnt mar a leanas: 1 402 040 kg le haghaidh na fothréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meitheamh, 1 875 000 kg le haghaidh na fothréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair agus 1 722 960 kg le haghaidh na fothréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig. Le haghaidh na bliana 2027 agus le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, roinnfear an chainníocht bhliantúil mar a leanas: 25 % le haghaidh gach fothréimhse.'